



Crios

TEIDEAL

Zone 6: Lár an Bhaile

**Plean Forbartha Baile agus Purláin Inis Córthaidh 2008 - 2014**

UIMH. LÉARSCÁILE

9

© Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar chosaint. Uimh. Cheadúnais Loch Garman CCMA 9802/Comhairle Contae Loch Garman

Crios

Crios

Léarscáil 9

Léarscáil 9

## Crios 6: Lár an Bhaile

**Forbhreathnú den Limistéar**
Is é an príomhsprioc laistigh den Mháistirphlean Crios 6 seo (Lár an Bhaile) ná chun athghiniúint an cheantair seo a éascú ar bhonn comhordaithe, ordúil agus chun a chinntiú go bhfuil forbairt inmharthana agus comhtháite i gceart le lár an bhaile. Féachfaidh na hÚdaráis Phleanála le cur chuige nuálaíoch ar dhearadh ailtireachta. Beidh dearadh uirbeach ar ardchaighdeán riachtanach. Spreagfar forbairt inmharthana a chomhlánfadh úsáidí bunaithe lár an bhaile agus a chuirfeadh le timpeallacht thógtha agus nádúrtha ar ardchaighdeán a sheachadadh sa cheantar seo.

**Rochtain agus Nascálacha**
Sníonn Abhainn na Sláine trí lár an bhaile, á roinnt in dhá leath i ndáiríre, le rochtain idir an dá bhruach ag Droichead Inis Córthaidh agus Droichead Shéamuis Uí Reachtair. Ní hamháin go shocraíonn topagrafaíocht an bhaile leagan amach na sráideanna ach molann sí pointí fócais don tsúil freisin. Leagfar an bhéim ar nascálacha coisithe agus áiseanna rothaíochta a fheabhsú laistigh de lár an bhaile trí chosáin, bealaí siúlóide agus bealaí rothaíochta a uasghrádú laistigh de lár an bhaile. Beidh sé mar phríomhchuspóir ag an Údarás Pleanála chun brú tráchta a laghdú laistigh de lár an bhaile.


**Fócas na Forbartha**
Tá sé tábhachtach gníomhaíochtaí tráchtála agus miondíola a dhíriú ar lár an bhaile chun an limistéar seo a chomhdhlúthú agus áiseanna lár an bhaile a chothú. Tá sé tábhachtach go mbeadh lár an bhaile ilfheidhmeach agus go gcuimseodh sé gnéithe cónaitheacha, miondíola agus ceirde/conláiste a bhfuil bunriachtanach do charachtar agus fuinneamh chroílár stairiúil an bhaile.

**Príomh-Shuímh Forbartha**
Tá méid áirithe príomh-shuímh forbartha laistigh de lár an bhaile ina bhféachfaidh an tÚdarás Pleanála le haghaidh dearadh uirbeach ar ardchaighdeáin a bhaint amach, fad is a aithneoidh sé freisin an riachtanas chun croílár stairiúil an bhaile a chosaint. Is sampla í an fhorbairt a rinneadh le déanaí ar choimpléasc Muilinn Minch Norton d'fhorbairt nua a ionchorpraíonn struchtúir stairiúla níos sine.


Léarscáil 9: Crios 6: Lár an Bhaile




### Crios 6: Lár an Bhaile




Amharc ón Aer




Ceantair le Cumas Seandálaíochta



Radharcra faoi Chosaint




Struchtúir faoi Chosaint